# Cad a tharla?

**Cloisfidh tú ceithre chomhrá.**
**Scríobh síos cad atá cearr leis an duine i ngach comhrá agus cad a tharla dóibh.**

| Ainm | Tinneas/gortú | Cad a tharla? |
|---|---|---|
| **Pól** | | |
| **Síle** | | |
| **Pádraig** | | |
| **Síle** | | |

# Cad a tharla? – Script Comhrá 1 - 2

## Comhrá 1

Pól: Dia duit a Mháire. Cad é mar atá tú?

Máire: Go breá, go raibh maith agat. Cad é mar atá tú féin?

Pól: Ó, ní mhothaím go maith inniu.

Máire: Cad é atá cearr leat?

Pól: Bhuel, bhí mé sa teach tábhairne go dtí a haon déag a chlog aréir agus tá tinneas cinn orm an lá ar fad.

Máire: Ó is mór an trua sin. Tóg táibléad agus téigh a luí go luath anocht!

Pól: Ach tá mé féin agus Barra ag dul go dtí an phictiúrlann anocht agus tá a fhios agam go bhfuil sé ag súil go mór leis an scannán nua le Spielberg a fheiceáil.

## Comhrá 2

Síle: Dia duit a Shéamais. Conas atá tú?

Séamas: Go breá, go raibh maith agat. An bhfuil tú féin go maith?

Síle: Ó, ní bhraithim go maith.

Séamas: Céard atá ort?

Síle: Bhí mé ag obair ar an ríomhaire an lá ar fad inné agus tá pian i mo dhroim agus i mo mhuineál anois.

Séamas: Is trua sin. An raibh tú ag an dochtúir?

Síle: Bhí mé istigh ag an dochtúir inné. Dúirt sé go bhfuil mé ag obair go róchrua agus gur cheart dom sos a thógáil ón obair.

Séamas: Is dócha go bhfuil an ceart agat. Ba cheart duit féin agus Diarmuid dul go Ciarraí don deireadh seachtaine fada agus

# Cad a tharla? – Script Comhrá 3 - 4

## Comhrá 3

Orla: Haigh a Phádraig! Cad a tharla duit? (Iontas ina glór)

Pádraig: Bhí mé ag imirt rugbaí Dé Máirt agus bhris mé mo lámh. Tá pian uafásach i mo chos fosta. Ní bheidh mé ag imirt rugbaí arís go ceann tamaill! (gáire)

Orla: A chréatúir. Is mór an trua sin. Éist, tóg go bog é agus tabhair aire duit féin.

Pádraig: Go raibh maith agat.

## Comhrá 4

Fón ag bualadh

Niamh: Haigh a Eoin. Conas atá tú?

Eoin: Go maith, go raibh maith agat. Cad é mar atá tú féin?

Niamh: Tá mise go breá ach ar chuala tú an scéal? Bhí Síle ag imirt leadóige ar maidin agus thit sí agus ghortaigh sí a glúin. Bhí pian uafásach uirthi. Chuaigh muid go dtí an otharlann.

Eoin: Ó, an créatúr. Cad é mar atá sí anois?

Niamh: Tá sí ceart go leor. Tá sí ag mothú níos fearr anois.

Eoin: Is maith sin. Cuirfidh mé glaoch uirthi nuair a bheidh mé sa bhaile anocht.

# Cad a tharla?
# Comhrá 1- Pól

- **Is tusa Pól.**
- **Seo an méid a dúirt tú sa chomhrá le Máire, ach níl sé san ord ceart.**
- **Tá línte Mháire ag bun an leathanach ach níl siad san ord ceart ach oiread.**
- **Déan amach an t-ord ceart, gan féachaint ar bun an leathanach.**
- **Scríobh ord na n-abairtí in aice leo sa spás cuí.**
- **Léigh an comhrá amach i gceart ansin.**

☐ Pól: Ach tá mé féin agus Barra ag dul go dtí an phictiúrlann anocht agus tá a fhios agam go bhfuil sé ag súil go mór leis an scannán nua le Spielberg a fheiceáil.

☐ Pól: Dia duit a Mháire. Cad é mar atá tú?

☐ Pól: Bhuel, bhí mé sa teach tábhairne go dtí a haon déag a chlog aréir agus tá tinneas cinn orm an lá ar fad.

☐ Pól: Ó, ní mhothaím go maith inniu.

# Cad a tharla?
# Comhrá 1- Máire

- **Is tusa Máire.**
- **Seo an méid a dúirt tú sa chomhrá le Pól, ach níl sé san ord ceart.**
- **Tá línte Phóil ag barr an leathanach ach níl siad san ord ceart ach oiread.**
- **Déan amach an t-ord ceart, gan féachaint ar barr an leathanach.**
- **Scríobh ord na n-abairtí in aice leo sa spás cuí.**
- **Léigh an comhrá amach i gceart ansin.**

☐ Máire: Ó is mór an trua sin. Tóg táibléad agus téigh a luí go luath anocht!

☐ Máire: Go breá, go raibh maith agat. Cad é mar atá tú féin?

☐ Máire: Cad é atá cearr leat?

# Cad a tharla? Comhrá 3A

**Léigh amach na focail sa chiorcal seo.**

**Líon na bearnaí sa chomhrá ag baint úsáide as na focail seo:**

| | | |
|---|---|---|
| Dé Máirt | mo lámh | an trua |
| tharla | ag imirt | maith |

**Orla:** Haigh a Phádraig! Cad a ___________duit? (Iontas ina glór).

**Pádraig:** Bhí mé ag imirt rugbaí ___ ___________ agus bhris mé ___ ______. Tá pian uafásach i mo chos fosta. Ní bheidh mé ___ __________ rugbaí arís go ceann tamaill!

**Orla:** A chréatúir. Is mór ___ _____ sin. Éist, tóg go bog é agus tabhair aire duit féin.

**Pádraig:** Go raibh ____________ agat.

# Cad a tharla? Comhrá 3B

**Léigh amach na focail sa chiorcal seo.**

**Líon na bearnaí sa chomhrá ag baint úsáide as na focail seo:**

mo chos　A chréatúir　raibh

ag imirt　bhris　tharla

**Orla:** Haigh a Phádraig! Cad a ____________ duit? (Iontas ina glór)

**Pádraig:** Bhí mé ___ _________rugbaí Dé Máirt agus _______ mé mo lámh. Tá pian uafásach i ___ ______ fosta. Ní bheidh mé ag imirt rugbaí arís go ceann tamaill!

**Orla:** __ _________. Is mór an trua sin. Éist, tóg go bog é agus tabhair aire duit féin.

**Pádraig:** Go _______ maith agat.

# Cad a tharla?
# Ceisteanna agus Cúiseanna

- **Roghnaigh charactar duit féin.**
- **Tá do thinneas / ghortú soiléir ach cad a tharla?**
- **Smaoinigh ar chúis*. (*reason)**
- **Scríobh síos cúpla abairt faoi.**

| **Liam** | **Stiofán** | **Siobhán** | **Marcio** |
|---|---|---|---|
|  |  |  |  |
| **Lilí** | **Ciarán** | **Máirtín** | **Aoibhinn** |
|  |  |  |  |
| **Séamus** | **Angelo** | **Mailí** | **Manuel** |
|  |  |  |  |

# Cad a tharla?
# Ceisteanna agus Cúiseanna

- **Líon isteach an ghreille seo, trí cheisteanna a chur ar na carachtair.**
- **Cad iad na ceisteanna a úsáidfidh tú?**
- **Ansin líon isteach na cúiseanna. Déan iarracht cúpla abairt a scríobh.**

| Ainm | Tinneas/gortú | Cúis* |
|---|---|---|
| Siobhán | | |
| Ciarán | | |
| Mailí | | |
| Manuel | | |
| Séamus | | |
| Aoibhinn | | |
| Angelo | | |
| Lilí | | |
| Máirtín | | |
| Marcio | | |
| Stiofán | | |
| Liam | | |